Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**5582/21**

**COLAC 5**
**CFSP/PESC 48**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 5299 2021 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Veiniséala (25 Eanáir 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Veiniséala, arna nglacadh ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha ag an gcruinniú a bhí aici an 25 Eanáir 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Veiniséala**

1. Meabhraítear don Aontas Eorpach (an tAontas) a Chonclúidí ó mhí Iúil 2016, ó mhí na Bealtaine agus ó mhí na Samhna 2017 agus ó mhí na Bealtaine 2018, agus na ráitis roimhe sin ón Aontas maidir le Veiniséala, go háirithe na dearbhuithe ón Ardionadaí thar ceann an Aontais an 7 Nollaig 2020 agus an 6 Eanáir 2021.

2. Is oth leis an Aontas gur deis chaillte don daonlathas a bhí sna toghcháin reachtacha a bhí ann an 6 Nollaig 2020, a reáchtáladh gan comhaontú náisiúnta maidir le coinníollacha toghcháin agus nár chomhlíon siad na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le próiseas daonlathach. Mar thoradh air sin, ní féidir leis an Aontas a aithint go bhfuil an próiseas toghchánach sin inchreidte, cuimsitheach ná trédhearcach, agus dá bhrí sin, ní féidir a mheas go bhfuil toradh an phróisis sin ionadaíoch ar thoil dhaonlathach mhuintir Veiniséala. Is oth leis an Aontas gníomhaíochtaí údaráis Maduro, a laghdaigh go suntasach an spás daonlathach sa tír agus a chuir cosc arís is arís eile ar réiteach na géarchéime tromchúisí polaitiúla i Veiniséala.

3. Athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé leo siúd uile atá ag obair chun todhchaí dhaonlathach a bhaint amach do Veiniséala. Iarrann an tAontas an athuair go ráthófaí gach ceart polaitiúil agus sibhialta, go scaoilfí saor láithreach agus neamhchoinníollach na príosúnaigh pholaitiúla uile agus iarrann sé saoirse agus sábháilteacht an fhreasúra pholaitiúil uile, go háirithe ionadaithe pháirtithe an fhreasúra a toghadh chuig Tionól Náisiúnta 2015, agus go háirithe Juan Guaidó, chomh maith le hionadaithe eile an fhreasúra dhaonlathaigh. Measann an tAontas gur gníomhaithe tábhachtacha agus idirghabhálaithe faoi phribhléid iad agus molann sé don fhreasúra daonlathach seasamh aontaithe a ghlacadh d’fhonn próiseas cuimsitheach idirphlé agus caibidlíochta a bhaint amach.

4. Is é an t-aon bhealach amháin le deireadh a chur leis an ngéarchéim i Veiniséala caibidlíocht pholaitiúil a atosú gan mhoill chun próiseas maidir le hidirphlé agus aistriú a bhunú mar ábhar práinne, a bheidh faoi stiúir Veiniséala agus as a dtiocfaidh toghcháin áitiúla, reachtacha agus uachtaránachta a bheidh inchreidte, cuimsitheach agus trédhearcach. Chun go mbeidh rath ar an bpróiseas caibidlíochta sin, ní mór dó a bheith cuimsitheach, agus ní mór d'ionadaithe na n-údarás agus an fhreasúra dhaonlathaigh mar aon le hionadaithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bheith rannpháirteach ann. Beidh gá le comhréitigh dheacra má táthar chun aistriú rathúil chuig an daonlathas agus an chobhsaíocht a bhaint amach agus i Veiniséala. Ag an bpointe dúshlánach seo, ní mór do cheannairí uile Veiniséala tús áite a thabhairt do leasanna mhuintir Veiniséala. Tá an tAontas réidh chun tacú leis an bpróiseas cuimsitheach sin, lena n-áirítear trí mhisin bhreathnóireachta toghcháin.

5. Ní mór cearta an duine a urramú. Níl aon bhealach amach as an ngéarchéim pholaitiúil i Veiniséala má tá eagla ar a saoránaigh go ngabhfaí iad agus go ndéanfaí géarleanúint orthu, lena n-áirítear a dteaghlaigh, as a gcearta agus saoirsí bunúsacha a fheidhmiú. Beidh an tAontas an-aireach a mhéid a bhaineann le haon ghníomhartha diansmachta, go háirithe i gcoinne chomhaltaí an fhreasúra, ionadaithe na meán neamhspleách agus na sochaí sibhialta. Cuireann an tAontas i dtreis go dtacaíonn sé leis an obair atá á déanamh ag Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus ag Misean Neamhspleách na Náisiún Aontaithe chun Fíricí a aimsiú. Ní mór iad siúd atá freagrach as básuithe seachbhreithiúnacha, as fuadaigh fhorfheidhmithe, as coinneáil threallach agus as céastóireacht threallach a thabhairt chun cuntais agus ní mór gníomhartha breise den chineál sin a chosc.

6. I bhfianaise staid chearta an duine, an smachta reachta agus an daonlathais i Veiniséala atá ag dul in olcas, tá an tAontas réidh chun bearta sriantacha breise spriocdhírithe a ghlacadh i gcoinne na ndaoine sin a bhaineann an bonn den daonlathas nó den smacht reachta agus ina gcoinne siúd atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. Ceapadh na bearta sin chun nach ndéanfaí díobháil do mhuintir Veiniséala agus is féidir iad a aisiompú.

7. Is cúis mhór imní don Aontas i gcónaí an ghéarchéim dhaonnúil i Veiniséala atá ag dul chun donais agus atá ag éirí níos measa de bharr thionchar COVID-19, rud nach mór aghaidh a thabhairt air gopráinneach. Áirítear leis sin rochtain iomlán gan bhac do phearsanra daonnúil agus do sholáthairtí agus na coinníollacha riachtanacha a bhunú do na gníomhaithe daonnúla, go háirithe ENRanna, chun a gcuid oibre a dhéanamh gan imeaglú, i gcomhréir go hiomlán le prionsabail dhaonnúla na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais. I bhfianaise dhéine agus mhéid na riachtanas, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do mhuintir Veiniséala trí chuidiú le bonn sóisialta na tíre a neartú agus trí thacaíocht a thabhairt do gheallsealbhóirí daonnúla agus forbartha idirnáisiúnta agus áitiúla. Is mór ag an Aontas teacht aniar agus flaithiúlacht na bpobal óstach sa réigiún, agus leanfaidh sé de bheith ag tacú le cuimsiú socheacnamaíoch mhuintir Veiniséala sna pobail sin. Cé go gcuireann sé i dtreis nach mór aghaidh a thabhairt ar na riachtanais dhaonnúla láithreach, measann an tAontas gurb é réiteach polaitiúil ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair an t-aon chur chuige fadtéarmach amháin chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin.

8. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach agus de bheith ag obair leis na geallsealbhóirí uile i Veiniséala chun idirphlé síochánta agus réiteach daonlathach inbhuanaithe a chothú ar na géarchéimeanna i Veiniséala. Chuige sin, leanfaidh an tAontas de bheith ag obair i ndlúthchomhar lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta atá ar aon intinn leis, go háirithe tríd an nGrúpa Teagmhála Idirnáisiúnta maidir le Veiniséala. Leanfaidh an tAontas dá chomhar le Grúpa Lima agus le Riarachán SAM agus leanfaidh sé dá iarrachtaí for-rochtana le gníomhaithe eile idirnáisiúnta agus réigiúnacha.